C/2025/499

21.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11882 – STELLANTIS / BBVA / FCA FC)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/499)

1. An 13 Eanáir 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Stellantis Financial Services Europe ('SFSE') (an Fhrainc),

— atá faoi úinéireacht ghrúpa Stellantis N.V. ('Stellantis Group') (an Ísiltír),

— Banco Bilbao Vizcaya Argentaria ('BBVA') (an Spáinn),

— FCA Compania Financiera S.A. ('FCA FC') (an Airgintín).

Gheobhaidh BBVA agus SFSE rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar FCA FC.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Cuireann SFSE réitigh mhaoinithe, táirgí árachais agus réitigh soghluaisteachta ar fáil trína fhochuideachtaí agus/nó trína chuideachtaí comhfhiontair, atá faoi úinéireacht chomhionann do gach branda Stellantis. Is cuid de Stellantis Group é SFSE,

— Is máthairchuideachta BBVA Group é BBVA, ar soláthraí seirbhísí airgeadais é atá gníomhach ar fud an domhain agus a bhfuil a cheanncheathrú in Bilbao agus i Maidrid na Spáinne. Is seirbhísí baincéireachta den chuid is mó a chuireann BBVA ar fáil, agus soláthraíonn sé seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus árachais freisin. Mar aon lena mhargadh baile sa Spáinn, tá BBVA an-ghníomhach i gCríocha Mheiriceá (SAM, Meicsiceo agus Meiriceá Theas) agus sa Tuirc,

— Is comhfhiontar é FCA FC, atá i seilbh FCA Automobiles Argentina S.A. agus Fidis SpA faoi láthair, ar cuid de Stellantis Group iad araon. Faoi láthair cuireann FCA FC seirbhísí airgeadais ar fáil le haghaidh gluaisteáin áirithe san Airgintín a bhfuil baint acu le branda Stellantis (Fiat, Jeep agus Ram).

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais FCA FC: seirbhísí airgeadais a sholáthar le haghaidh gluaisteáin áirithe san Airgintín a bhfuil baint acu le branda Stellantis (Fiat, Jeep agus Ram).

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11882 – STELLANTIS / BBVA / FCA FC

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË